C/2025/5907

4.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12121 — NEWPRINCES / CARREFOUR ITALIA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5907)

1. An 24 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— NewPrinces S.p.A. ('NewPrinces', an Iodáil), faoi rialú Newlat Group S.A., (an Eilvéis),

— Carrefour Italia S.p.A. ('Carrefour Italia', an Iodáil), faoi rialú Carrefour S.A., (an Fhrainc).

Gheobhaidh NewPrinces rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Carrefour Italia ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá NewPrinces gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar táirgí bia, lena n-áirítear táirgí déiríochta, pasta tirim, olaí inite, earraí bácúis, agus bia do naíonáin, a dháiltear faoi bhrandaí dílseánaigh agus faoi bhrandaí tríú páirtí araon, chomh maith le lipéid phríobháideacha.

— Oibríonn Carrefour Italia ar fud na tíre i ndáileadh miondíola mórscála earraí tomhaltais laethúla, trí líonra hipearmhargaí, ollmhargaí agus siopaí áise a reáchtáil (go díreach nó de bhun comhaontuithe saincheadúnais), chomh maith le díolachán íoc is iompair earraí tomhaltais laethúla. Cuireann sé táirgí ar fáil freisin tríd an gcainéal ar líne.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12121 – NEWPRINCES / CAREFOUR ITALIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').